Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

An Roinn Oideachais
Department of Education

Poist Léachtóra ar an MGO

Dhá phost ar Iasacht

Léachtóir (Cineál A) ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO)

Tá iarratais á lorg ar dhá phost ar iasacht mar Léachtóir (Cineál A) in Oideachas Tosaigh Múinteoirí ar an gclár Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) in Ollscoil na Gaillimhe.

Tá an dá phost seo faoi choimirce na Roinne Oideachais.

Is é an Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) in Ollscoil na Gaillimhe an t-aon chlár in Oideachas Tosaigh Múinteoirí don dara leibhéal in Éirinn atá á sholáthar go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Is clár lánaimseartha dhá bhliain é. Eagraítear an clár i mblocanna, idir léachtaí agus cheardlanna ar an gcampas agus Socrúchán Scoile i scoileanna lán-Ghaeilge na tíre. Leagann an MGO béim lárnach ar an eolas agus ar na scileanna atá riachtanach le teagasc san earnáil oideachais lán-Ghaeilge.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ina múinteoirí bunscoile nó iar-bhunscoile, agus a bheith incháilithe de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais maidir le poist ar iasacht.

Ba chóir iarratas a dhéanamh trí CV, le hainmneacha beirt mholtóirí, agus litir chlúdaigh le sonraí teagmhála a sheoladh trí ríomhphost chuig mgo@ollscoilnagaillimhe.ie **roimh 5pm, Dé hAoine, an 14 Márta 2025**.
Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig mgo@ollscoilnagaillimhe.ie
Is fostóir comhionannais deiseanna é Ollscoil na Gaillimhe.

**Próifíl na bPost**

Áireofar na cúraimí seo a leanas i measc freagrachtaí an phoist:

- Teagasc ar mhodúil ar leith ar an MGO, lena n-áirítear Teagasc na Gaeilge, Teagasc trí Ghaeilge, Stair an Oideachais, Fealsúnacht an Oideachais, Síceolaíocht an Oideachais, Curaclam agus Measúnú, Modheolaíocht Ábhair ag leibhéal na hiarbhunscoile, Scileanna an Mhúinteora
- Dearadh agus seachadadh an churaclaim agus na modúl trí cheardlanna gníomhacha, léachtaí agus an fhoghlaim chumaisc
- Stiúrthóireacht agus meantóireacht ar thograí taighde
- Tacú le mic léinn ar Shocrúchán Scoile agus meantóireacht a dhéanamh orthu
- Rannpháirtíocht i gcúrsaí cur chun cinn, riarachán agus forbairt an chláir, chomh maith le cruinnithe, pleanáil agus comhairliúchán de réir mar is gá

**Riachtanais Iarratas**

Seo a leanas na riachtanais iontrála don phost seo:

- Céim Mháistreachta ar a laghad
- A bheith in ann an caighdeán Gaeilge riachtanach, idir labhartha agus scríofa, a shásamh
- Taithí 3 bliana teagaisc bunscoile agus/nó iar-bhunscoile ar a laghad
- Scileanna láidre comhpháirtíochta agus spreagtha a thaispeáint

Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide

**Tá sé inmhianaithe go mbeadh taithí teagaisc ag an iarrthóir i gceann amháin ar a laghad de na hábhair seo a leanas:**

Mata, Eolaíocht, Gaeilge, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Stair, Tíreolaíocht, Ceol, OSSP, Gnó, Eacnamaíocht, Cuntasaíocht

**Ní mór do gach iarrthóir:**

- A bheith ina m(h)úinteoir lánchháilithe ag leibhéal bunscoile nó iar-bhunscoile
  AGUS
- Clárúchán iomlán reatha a bheith acu leis an gComhairle Mhúinteoireachta

**Ní mór do gach iarrthóir freisin:**

- Post múinteoireachta aitheanta a bheith aige/aici i scoil aitheanta
  NÓ
- A bheith ar iasacht ó phost aitheanta i scoil aitheanta

**Tabhair faoi deara:**

- Ní féidir aon tairiscint shainiúil ceapacháin a dhéanamh go dtí go mbeidh faomhadh faighte ón Roinn Oideachais.
- Tá an ceapachán faoi réir ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
- Ceapfar an duine ar bhonn iasachta ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana scoile. Tosóidh an téarma cúig bliana an 1 Meán Fómhair 2025 (nó a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin faoi réir a fhaofa) agus tiocfaidh deireadh leis an 31 Lúnasa 2030.

**Scaoileadh ón bPost Reatha**

- Is faoin iarrthóir rathúil é socrú a dhéanamh lena scoil féin le go mbeidh sé/sí in ann glacadh leis an bpost don tréimhse atá i gceist.
- Táthar ag súil go mbeidh iarrthóirí rathúla ar fáil chun dul i mbun oibre faoin Luan, an 1 Meán Fómhair 2025.

**Nósanna Imeachta Measúnaithe**

Seo a leanas an córas measúnaithe a bheidh i bhfeidhm:
- breithniú ar iarratais
- gearrliosta iarrthóirí a chur le chéile
- iarrthóirí ar an ngearrliosta a chur faoi agallamh.

Beidh ar iarrthóirí a ghlaoitear chuig agallamh caighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa, a shásamh.
Tabharfar fógra cuí d’iarrthóirí maidir leis na socruithe agallaimh.

**Moltóirí**

D’fhéadfaí teagmháil a dhéanamh le moltóirí roimh nó i ndiaidh an agallaimh.